An Coimisiún Eorpach

An tSeachtain Eorpach um scileanna gairme

# BILEOG EOLAIS NA MEÁN SÓISIALTA

**Is tionscnamh é an tSeachtain Eorpach um Scileanna Gairme a reáchtáiltear ag leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil. Reáchtálfar sraith imeachtaí sa Vín idir an 5-9 Samhain 2018.** Is féidir na meáin shóisialta a úsáid chun d'imeacht a chur chun cinn agus nasc a chruthú le himeachtaí eile i d'earnáil féin nó i do cheantar féin. Is féidir an bhileog a úsáid freisin chun próifíl d'eagraíochta a ardú agus cabhrú leat cumarsáid a dhéanamh le lucht freastail ionchasaigh.

## CÉARD ATÁ AG TARLÚ I RITH AN FHEACHTAIS?

**Iúil**
Is féidir clárú don imeacht

**Meán Fómhair**
Seolfar an tSeachtain ag díriú ar lucht freastail an imeachta agus ar an bpobal

**Deireadh Fómhair**
Is féidir vótáil ar líne le haghaidh ghradaim barr feabhais an ghairmoideachais agus na gairmoiliúna

**Samhain**
Is í an tSeachtain oifigiúil an 5-9 Samhain

**Nollaig**
Reáchtáiltear imeachtaí go dtí deireadh mhí na Nollag

## GLAC PÁIRT

### LEAN MUID!

Lean muid ar na hardáin meán sóisialta seo agus glac páirt sa chomhrá trí úsáid a bhaint as na haischlibeanna:

**#EUVocationalSkills** **#DiscoverYourTalent**

Ná bíodh drogall ort inneachar ó na cainéil seo a chomhroinnt.

@EU_social @EuropeanYouthEU @socialeurope

### INNEACHAR A CHOMHROINNT

Is féidir leat páirt a ghlacadh sa tSeachtain trí inneachar maidir leis an obair atá ar bun agat i réimse an ghairmoideachais agus na gairmoiliúna a chruthú agus pictiúir agus físeáin a chomhroinnt. Ná déan dearmad na haischlibeanna a úsáid chun dul i bhfeidhm ar dhaoine ar fud na hEorpa agus iad a spreagadh!

Comhroinn d'eispéiris ar d'imeachtaí trí raon ardán meán sóisialta. Bealach iontach a bheidh ann chun an scéal a scaipeadh agus daoine eile a spreagadh eolas a lorg faoi na himeachtaí. Dá réir sin, tá sé tábhachtach go mbeadh an t-inneachar atá á chruthú agat tarraingteach! Is smaoineamh maith é meascán d'inneachar scríofa agus amhairc a úsáid nuair is féidir (mar shampla, tá níos lú seans ann go scrollófar thar phostáil Facebook agus go dtabharfar neamhaird uirthi má tá íomhá tharraingteach taobh léi). Nuair a bhíonn d'inneachar féin á chruthú agat, tá sé tábhachtach é a chlibeáil ar bhonn comhsheasmhach agus haischlibeanna oifigiúla a úsáid chun cur le haitheantas agus inchuardaitheacht na Seachtaine, is féidir na clibeanna agus na haischlibeanna seo a úsáid in inneachar scríofa agus amhairc. Leid thábhachtach eile is ea gur cheart duit a bheith cruthaitheach! Bealach maith chun aird a tharraingt agus spéis pobal meáin a chothú i rith na Seachtaine é emoji, scagairí agus beophictiúir ón imeacht a chur san áireamh. Ná déan dearmad a chinntiú go n-oireann d'inneachar don suíomh (bí ciallmhar faoi na emoji a roghnaíonn tú) agus faigh cead ó dhaoine roimh iad a chur san áireamh i do ghrianghraif agus inneachar.

**Tuilleadh eolais:** **ec.europa.eu/vocational-skills-week**

**#DiscoverYourTalent**

*Fostaíocht, Gnóthaí Sóisialta agus Cuimsiú*

**#EUVocationalSkills**